Chomh maith leis sin, reáchtáladh ceardlann ar leith dar teideal 'Gnó an Aistriúcháin' in Áras Chonradh na Gaeilge, Sráid Shéamais Mhór, Doire, ar an 14 Iúil 2001 d'fhoireann an Chonartha.

The Translation Sector

Translation Schemes

In order to assess the issues facing translation companies and their requirements, a series of meetings was organized with translation companies and individual translators. As a result of these meetings, Foras na Gaeilge took the following steps:

Translation Schemes for the private translations sector – The Companies Scheme and The Projects Scheme.

Under The Companies Scheme, grants were made available to assist with staff training, and the purchase of software, reference materials, etc. Under The Projects Scheme, grants were made available for research or a product that would facilitate or improve English – Irish / Irish – English translation and funding was provided for appropriate projects such as software development, training, reference materials etc.

The closing date for completed forms was 5 December 2001 and by that time, over 50 enquiries and 21 completed application forms had been received.

Translation Workshops – From English to Irish

A series of translation workshops was conducted, entitled 'From English to Irish' during the year 2001:

7 April – in the offices of Foras na Gaeilge, Merrion Square, Dublin 2.

9 June – in the Irish Medium Resources Centre, St Mary's University College, Falls Road, Belfast.

23 June – in the Centre for Spoken Irish, Alfred O'Rahilly Building, University College, Cork.

30 June – in Bradán Feasa, Dominic Street, Galway.

A separate workshop was conducted for Irish-language officers in the local government sector, in the offices of Galway County Council, on 25 April 2001.

The workshops dealt with translation problems from English to Irish and with using computers and electronic resources in translation.

A further workshop on translation called 'Gnó an Aistriúcháin' was conducted in Áras Chonradh na Gaeilge, Great James Street, Derry, on 14 July 2001 for staff of An Conradh.



Áiseanna Idirlín

Bunaíodh láithreán idirlín d'aistritheoirí, acmhainn.ie, maoinithe ag Foras na Gaeilge d'fhonn freastal ar riachtanais aistritheoirí Gaeilge. Tá foinsí foclóireachta agus liostaí téarmaíochta ón nGúm agus ón gCoiste Téarmaíochta ar fáil ar an láithreán.

Taisce Téacsanna: Cruthaíodh nasc ar an láithreán le sciar maith den ábhar Gaeilge atá ar fáil i bhfoirm leictreonach ó eagrais oifigiúla sa Deisceart. Ní mór anois díriú ar fhoirmeacha, reachtaíocht, cháipéisí polasaí a bhailiú ó eagrais i dTuaisceart Éireann. Gné eile atá le forbairt ná 'An tAistritheoir Tapa', ina mbailítear le chéile leaganacha Gaeilge d'fhoirmeacha coitianta a d'fhéadfadh eagrais ar bith a úsáid.

'Oideas': Foilsíodh ábhar ar an idirlíon bunaithe ar na ceardlanna aistriúcháin 'Ó Bhéarla go Gaeilge' a reáchtáladh faoi choimirce Fhoras na Gaeilge le linn na bliana 2001.

Fóram Ríomhphoist: Tá timpeall daichead duine páirteach san fhóram ar an láithreán agus tá ceisteanna á bplé ann mar gheall ar logainmneacha, litriú, ghramadach agus araile.

Athchlónna: Rinneadh teagmháil le húdair/foilsitheoirí ag iarraidh cead athchló a chur ar leabhair faoi cheartúsáid na Gaeilge atá as cló le fada, leabhair ar nós 'Gnás na Gaeilge' le Cormac Ó Cadhlaigh agus 'Lorg an Bhéarla' le Seán Mac Maoláin.

Scéim na mBeathaisnéisí

Bronnadh trí choimisiún le linn na bliana ar na húdair seo a leanas:

Liam Mac Con Iomaire,
le haghaidh beathaisnéise ar Joe Einniú;
Ré Mac Mánaís,
le haghaidh beathaisnéise ar
Mháire Mhic Ghiolla Íosa, Uachtarán na hÉireann,
agus
Pól Ó Muirí
le haghaidh beathaisnéise ar Sheosamh Mac Grianna.

Internet Resources

A website was set up for translators, acmhainn.ie, funded by Foras na Gaeilge with a view to meeting the needs of Irish-language translators. Dictionaries and Terminology Lists from an Gúm and An Coiste Téarmaíochta are available on the site.

Texts Resource: A link was created on the website with a substantial amount of the Irish-language material available in electronic form from official organizations in the South. The collation of forms, legislation, and policy documents from organizations in Northern Ireland must now be focussed on. Another element to be developed is 'The Handy Translator', which will provide Irish versions of commonly used forms that any organization could use.

'Oideas': Material was published on the internet based on the translation workshops 'From English to Irish' run for Foras na Gaeilge during the year 2001.

Email Forum: The forum on the website consists of approximately forty people and issues involving place-names, spelling, grammar etc are discussed.

Reprints: Authors/publishers were contacted in an attempt to gain permission to reprint books on correct Irish-language usage that have been long out of print, books such as Gnás na Gaeilge by Cormac Ó Cadhlaigh and Lorg an Bhéarla by Seán Mac Maoláin.

The Biographies Scheme

Three commissions were awarded during the year to the following authors:

Liam Mac Con Iomaire,
for a biography of Joe Einniú
Ré Mac Mánaís, for a biography of Máire
Mhic Ghiolla Íosa, President of Ireland
and
Pól Ó Muirí
for a biography of Seosamh Mac Grianna.

An Rannóg Stáit agus Pleanáil

Scéim na nOifigeach Forbartha Gaeilge

Faoin scéim seo déantar Oifigeach Forbartha Gaeilge a cheapadh i mBoird Sláinte agus in Údaráis Áitiúla.

Íocann Foras na Gaeilge leath den chostas a bhaineann le gach ceapachán.

Bhí an próiseas earcaíochta idir lámha ag Bord Sláinte an Iarthair agus Bord Sláinte an Iar-Thuaiscirt. Bhíothas ag plé le roinnt eagrais eile a raibh suim á léiriú acu oifigeach a cheapadh faoin scéim.

Bhí Foras na Gaeilge ag obair i bpáirt leis na húdaráis chun maoirsiú a dhéanamh ar obair na n-oifigeach agus d'eagraigh Foras na Gaeilge roinnt ceardlann agus seimineár dóibh.

Ar na hoifigigh a bhí fostaithe ar an scéim le linn 2001 bhí:

Máire Ní Scanláin, Comhairle Contae Chiarraí

Deirdre Ní Luíng, Bardas Átha Cliath

Cuimín Mac Aodha Bhuí, Comhairle Contae na Gaillimhe

Seán Ó Dáimhín, Comhairle Contae Dhún na nGall

Gearóidín Uí Chaochlaoidh, Comhairle Contae Chorcaí

Caitlín Ní Fhloinn, Comhairle Contae Ros Comáin


Fiachra Ó Céilleachair, Bord Sláinte an Oir Dheiscirt

Rita Ní Thuathail, Comhairle Contae Cheatharlaigh

Bairbre Uí Theighneáin, Bord Sláinte Lár Tíre

Mícheál Ó Coileáin, Bord Sláinte an Deiscirt

Aodán Ó Laoire, Bardas Chorcaí



John O'Donoghue, An tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, le Leachlainn Ó Catháin agus Éamonn Ó hArgáin ag seoladh an leabhair 'Focal sa Chúirt'.

John O'Donoghue, the Minister for Justice, Equality and Law Reform, with Leachlainn Ó Catháin and Éamonn Ó hArgáin at the launch of the book 'Focal sa Chúirt'.

State and Planning

Language Development Officers' Scheme

Under this scheme, Language Development officers are appointed to Health Boards and Local Authorities.

Foras na Gaeilge pays 50% of the cost of each officer.

The process of recruitment was started by the Western Health Board and the North Western Health Board. Discussions took place with other organizations who expressed interest in appointing an official under the scheme. Foras na Gaeilge worked in co-operation with the authorities to monitor the work of these officers and also organized a number of seminars and workshops for them.

The following officers were employed on the scheme during 2001 :

Máire Ní Scanláin, Kerry County Council

Deirdre Ní Luíng, Dublin Corporation

Cuimín Mac Aodha Bhuí, Galway County Council

Seán Ó Dáimhín, Donegal County Council

Gearóidín Uí Chaochlaoidh, Cork County Council

Caitlín Ní Fhloinn, Roscommon County Council

Fiachra Ó Céilleachair, South Eastern Health Board

Rita Ní Thuathail, Carlow County Council

Bairbre Uí Theighneáin, Midlands Health Board

Mícheál Ó Coileáin, Southern Health Board

Aodán Ó Laoire, Cork Corporation

Na Treoirínte don Earnáil Phoiblí

Cáipéis thábhachtach mar bhonn le cláracha gníomhaíochta atá le tarraingt suas ag Ranna Rialtais agus Eagrais Stáit chun feidhm a thabhairt do pholasaí an Rialtais i leith na Gaeilge is ea an doiciméad Leathnú an Dátheangachais - Treoirínte don Earnáil Phoiblí do Chláracha Gníomhaíochta, (Bord na Gaeilge, 1996). Rinne Foras na Gaeilge cóipeanna de na treoirínte a scaipeadh sa réimse stáit agus bailíodh eolas ó roinnt eagrais stáit maidir le soláthar seirbhísí ar bhonn dátheangach.

An Garda Síochána

Tá polasaí dátheangachais ag an nGarda Síochána agus tá ionadaíocht ag Foras na Gaeilge ar an gcoiste ardleibhéil atá ann chun an Plean Gníomhaíochta a chur i gcrích. Ar na beartais is suntasaí a bhí faoi chaibidil bhí sé i gceist lámhleabhar nua a ullmhú le húsáid sa Gharda Síochána.

Ag searmanas bronnta na gcáilíochtaí bronntar Duais Fhoras na Gaeilge ar an mac léinn is mó a rinne an Ghaeilge a chur chun cinn i gcaitheamh na tréimhse ar an gcoláiste. Bonn airgid agus scoláireacht Ghaeltachta an duais agus bronnadh í i mbliana ar an nGarda Éamonn de Bhulbh, Faing, Co. Luimnigh.

Public Sector Guidelines

An important aspect of Government policy in the South is the document Spreading Bilingualism – Guidelines for Action Programmes for the Public Sector, (Bord na Gaeilge, 1996). Copies of the guidelines were distributed in the state sector and information was gathered from a number of state bodies regarding the provision of services on a bilingual basis.

An Garda Síochána

The Garda Síochána has a bilingual policy and Foras na Gaeilge is represented on the high-level committee established to implement its Action Plan. The most significant matter undertaken was the preparation of the new handbook for the use of An Garda Síochána.

At the graduation ceremony, the Foras na Gaeilge prize is awarded to the recruit who has done most to promote Irish during his/her term in the Garda training college. The prize consists of a silver medal and a Gaeltacht scholarship, and this year, the prize went to Garda Eamonn de Bhulbh from Foynes, Co. Limerick.

An tSeirbhís Eadrána

Cuireann baill den phobal gearáin in iúl d'Fhoras na Gaeilge maidir le fadhbanna faoi easpa seirbhísí Gaeilge san earnáil phoiblí. Dhéileáil an Foras le thart ar chaoga cás nua i 2001. Cé go bhfuarthas torthaí sásúla ar chuid mhaith de na cásanna a tógadh linn, mar sin féin léirigh a líon an gá atá le reachtaíocht chun cearta lucht úsáide na Gaeilge a chinntiú.

Pleanáil agus Taighde

Rinne Foras na Gaeilge urraíocht ar chomhdhálacha agus ar fhoilseacháin taighde a raibh sé de chuspóir acu cur leis an eolas ar ghnéithe den Ghaeilge :

- An Litríocht sna Teangacha Ceilteacha, Ollscoil Uladh, Cúil Raithin
- Language and Politics, Ollscoil na Ríona, Béal Feirste (Imeachtaí foilsithe mar Language and Politics curtha in eagar ag John M Kirk agus Dónall P Ó Baoill)
- Ar choimisiún ó Fhoras na Gaeilge, rinne Research and Evaluation Studies pobalbhreith ar bhonn uile-oileánda maidir le dearcadh an phobail ar ghnéithe de cheist na Gaeilge. Cuireadh réamhthuarisc ar fáil i mí Márta 2001.

Mediation Service

Members of the public make their complaints known to Foras na Gaeilge about the lack of services through Irish in the Public Sector. Foras dealt with approximately 50 such complaints in 2001. While many issues were resolved, their number underlined the need for legislation to ensure the rights of Irish speakers.

Planning and Research

Foras na Gaeilge subsidised conferences and research publications designed to enhance knowledge on aspects of the Irish language.

- Literature in the Celtic Languages, The University of Ulster, Coleraine
- Language and Politics, Queen's University, Belfast, (proceedings published as Language and Politics edited by John M Kirk and Dónall P Ó Baoill)
- Research and Evaluation Studies were commissioned to conduct an opinion poll in order to gather information about the public's view on various issues relating to Irish on an all-Ireland basis. Their preliminary report was produced in March 2001.

Bheartaigh Foras na Gaeilge fógra a eisiúint inar tugadh cuireadh do dhaoine iarratais ar sparántachtaí taighde a chur faoina bhráid. Ar na réimsí a bhí i gceist bhí an t-oidreachas, an óige, cúrsaí léitheoireachta agus an dátheangachas san earnáil phoiblí. Tar éis scagadh a dhéanamh ar na hiarratais rinneadh coimisiúnú ar thaighde mar seo a leanas:

Teagasc agus Foghlaim na Gaeilge

Tugadh coimisiún d'Ionad Taighde na hEolaíochta Comhdhaonnaí, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, BÁC, chun staidéar a dhéanamh ar theagasc agus ar fhoghlaim na Gaeilge ar an leibhéal iar-bhunscoile i scoileanna na hÉireann.

Lítearthacht

Ceadaíodh deontas chun cur ar chumas léachtóra ollscoile páirt a ghlacadh i dtionscadal idirnáisiúnta ar an litearthacht. Déanfar staidéar comparáideach idir dhaltaí na scoileanna lán-Ghaeilge ó Thuaidh agus dhaltaí sa Ghaeltacht, sa Bhreatain agus ar scoileanna Mhór-Roinn na hEorpa. An Dr Gabrielle Nig Uídhir Coláiste Ollscoile Naomh Muire an té atá i gceist.

Ógshaothar

Ógshaothar is teideal do thogra taighde ar dhaoine óga agus an Ghaeilge atá coimisiúnaithe i bpáirt ag Foras na

Gaeilge agus ag Údarás na Gaeltachta. Gearóid Ó Maolmhichíl an Stiúrthóir agus tá Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, Maigh Nuad ag tabhairt tacaíochta freisin.

Gairmeacha le Gaeilge

Tugadh maoiniú chun bunachar sonraí a sholáthar mar bhunús le pacáiste eolais ar an ábhar seo a bheidh le foilsiú ag Rhoda O'Connor and Associates.

Earnáil Phoiblí

Cinneadh dul i bpáirt leis an bhForas Riaracháin chun taighde a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil an earnáil phoiblí ag freastal ar pholasaí an dátheagachais. Cuireadh tús le ceistneoir a dhréachtadh.

An Bíúró Eorpach do Theangacha Neamhforleathana

Tá ionadaíocht ag Foras na Gaeilge ar Choiste na hÉireann den mBíúró Eorpach do Theangacha Neamhforleathana agus glacadh páirt ghníomhach ina chuid imeachtaí. Bhí Foras na Gaeilge ag plé leis an tionscnamh Eorpach 'Bliain na dTeangacha 2001' agus bhí comhoibriú ar siúl Thuaidh agus Theas le dreamanna a raibh tionscnaimh Ghaeilge sainiúil acu.

Foras na Gaeilge invited applications for research bursaries. Among the range of areas to be researched were education, youth, literacy and bilingualism in the public sector. Having considered the applications, the following research commissions were awarded:

Teaching and Learning of Irish

The Social Science Research Unit, NUI, Dublin, was given a commission to undertake a study on the teaching and learning of Irish at post-primary level in Irish schools.

Literacy

A grant was allocated to allow Dr Gabrielle Nig Uídhir lecturer in St. Mary's, Belfast to take part in an international literacy project. A comparative study will be conducted on students of all-Irish schools in Northern Ireland and on students in Gaeltacht, English and continental European schools.

Ógshaothar

Ógshaothar is the name given to the research initiative on Irish language and youth, jointly commissioned by Foras na Gaeilge and Údarás na Gaeltachta. The Director is Gearóid Ó Maolmhichíl, and NUI, Maynooth is also supporting this venture.

Careers in Irish

Funding was given to set up a database as a basis for an information package which is to be published on this subject by Rhoda O'Connor and Associates.

Public Sector

It was agreed to join with the Institute of Public Administration in researching how the public sector was implementing the policy of bilingualism. The drafting of a questionnaire was begun.

The European Bureau for Lesser-Used Languages

Foras na Gaeilge is represented on the Irish Committee of the European Bureau for Lesser-Used Languages and took an active part in their activities. Foras na Gaeilge was involved with the European Initiative for the 'The Year of Languages 2001', and cooperated with groups North and South who had specific Irish language projects.

Policy Matters

A delegation from Foras na Gaeilge met with members of Coimisiún na Gaeltachta to supplement its submission to the Coimisiún.



Ceisteanna Polasáí

Bhuail toscaireacht ó Fhoras na Gaeilge le baill de Choimisiún na Gaeltachta chun cur leis an méid a bhí ráite ag Foras na Gaeilge ina aighneacht.

An Coiste Téarmaíochta

Bunaíodh an Coiste Téarmaíochta i 1968 chun téarmaíocht i nGaeilge, chaighdeánach údarásach a sholáthar don earnáil oideachais agus don phobal i gcoitinne. Is saineolaithe ar an nGaeilge ó institiúidí tríú leibhéal agus gaolmhara iad na baill a fheidhmíonn go deonach ar an gCoiste, agus tá ball amháin fóirne lánaimseartha ag obair san oifig, ag fónamh don Choiste agus ag cur eagar ar an téarmaíocht.

Feidhmíonn an Coiste ar thrí leibhéal, mar atá:
An Buanchoiste: a bhfuil 25 bhall air, ar saineolaithe ar an nGaeilge iad, ionadaithe ó institiúidí éagsúla tríú leibhéal nó taighde nó ó eagraíochtaí gaolmhara.

An Coiste Stiúrtha: a bhfuil 15 baill air, baill den Buanchoiste den chuid is mó, a bhfuil sé d'acmhainn acu freastal ar na cruinnithe lae den Choiste ar an gcéad Luan de gach mí. Socraíonn siad prionsabail téarmaíochta, déanann an obair a phleanáil agus a mhaoirsiú trí fhochoistí a bhunú de réir mar is gá nó is acmhainn, agus déileálann le fiosruithe ilghnéitheacha ón bpobal.

eolais. Pléann siadsan le liostaí toirtiúla de shaintearmaí teicniúla agus féachann, go hiondúil, le hábhar sainfhoiclóra a thiomús.

**Obair an Choiste Stiúrtha
Téarmaíocht Ilghnéitheach**

- Foilsíodh liosta na dtéarmaí a d'fhaomh an Coiste Stiúrtha le linn na bliana 2000 mar aon le réamhrá ag cur síos ar obair an Choiste san iris An Aimsir Óg i mí na Samhna.
- Tosaíodh san Fhómhar ar liostaí na gcrúinnithe míosúla a fhoilsiú san iris mhíosúil, Comhar.
- Rinneadh socrú go n-eiseofaí téarmaíocht an Choiste ar an láithreán gréasáin, acmhainn.ie, ar an Idirlíon agus cuireadh dréacht de liostaí na dtéarmaí 1985-2000 mar aon le roinnt sainliostaí neamhfhoilsithe ar fáil doibh.

Rialacha Traslitrithe

Rinneadh na rialacha traslitrithe atá in úsáid i gceapadh téarmaíochta a bhailiú, a chlósscríobh agus a thiomús in aon cháipéis amháin agus cuireadh faoi bhráid an Choiste í. Beartaíodh go ndéanfaí an cháipéis seo a scagadh de réir a chéile ag na cruinnithe míosúla agus nuair a bheadh sí faofa ag na baill, go bhféachfaí lena foilsiú.

An Coiste Téarmaíochta**The Terminology Committee**

An Coiste Téarmaíochta (the Terminology Committee) was founded in 1968 to provide standard, authoritative terminology in Irish for the education and public sector. The committee is comprised of Irish language experts from third-level and related institutions, all of whom serve in a voluntary capacity. There is one full-time official working on behalf of the committee who is also responsible for editing the terminology.

The Committee works on three levels:

The Permanent Committee: Consisting of 25 members with particular expertise in the Irish language from various third-level and research institutions and related organizations.

The Steering Committee: This committee has 15 members, mostly members of the Permanent Committee, who are able to attend the full-day meeting on the first Monday of every month. This committee set terminology principles, plan and direct work and set up sub-committees when needed. They also deal with miscellaneous queries from the public.

The Subcommittees: Smaller groups with expertise in specific areas. They compile extensive lists of technical

terminology, usually with a view to publishing a specialised dictionary.

Steering Committee work**Miscellaneous Terminology**

- A list of the terms sanctioned by the Steering Committee during 2000 with an introduction describing the Committee's work was published in An Aimsir Óg in November.
- In the Autumn, the monthly literary journal, Comhar, began to publish the lists from the monthly meetings.
- An arrangement was made that the Committee's term-lists would be made available on the acmhainn.ie website. A draft of the 1985-2000 list of terms as well as some unpublished specialist lists were supplied to acmhainn.ie

Transliteration Rules

The transliteration rules applied in devising new terminology were assembled, typed and collated in one source document and submitted to the Committee for approval. The Committee agreed to examine this document in detail over a period at the monthly meetings and, when finally approved, that it be published.

Rialacha Gramadaí

Beartaíodh am a chur i leataobh chun díriú ar na fadhbanna a thagann chun cinn le linn cheapadh na téarmaíochta maidir le pointí áirithe gramadaí. Bunaíodh grúpa oibre as measc baill an Choiste chun na ceisteanna seo a shainiú agus chun moltaí a dhéanamh ina dtaobh.

Obair na bhFochoistí**An Fochoiste Ríomhaireachta**

Tháinig an Fochoiste le chéile le haghaidh sé chruinniú i mbliana chun liosta breise téarmaí a fhaomhadh do FIONTAR agus chun roinnt fadhbanna ag éirí as an obair eagarthóireachta ar an eagrán nua den Fhoclóir Ríomhaireachta a réiteach. Rinneadh tuilleadh ceisteanna den chineál sin a réiteach trí chomhfhreagras ríomhphoist. Tiomsaíodh na téarmaí a socraíodh do FIONTAR le roinnt blianta anuas in éineacht leis an seanfhoclóir, Téarmaí Ríomhaireachta, agus cuireadh an t-iomlán in eagar.

An Fochoiste Critice agus Litríochta

Bhí ocht gcruinniú den Fhochoiste seo ann le linn na bliana. Rinneadh formhór an tseicliosta a phlé is a fhaomhadh. Beartaíodh tionscadal chun corpas critice na Gaeilge a chíoradh agus a chur i gcomparáid leis an seicliosta le cinntiú nach raibh téarmaí tábhachtacha fágtha ar lár nó míréitigh shuntasacha eatarthu. Chuige sin, fuarthas urraíocht ó Choláiste Phádraig, Droim Conrach, chun leabhair a cheannach agus chun meitheal de mhic léinn iarchéime a fhostú ar bhonn conartha chun an obair seo a dhéanamh.



Deirdre Davitt, Fran Fanning agus an tAire Stáit ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, Máire Ní Ainifin ag seoladh 'Focail Draíochta' pacáiste ríomhaireachta a chuideoidh le foghlaim na Gaeilge.

Deirdre Davitt, Fran Fanning and Minister for State in the Department for Health and Children, Mary Hanafin, at the launch of the computer package 'Focail Draíochta'.

Grammatical Rules

The Committee agreed to set some time aside at the meetings in order to discuss certain grammatical problems which arise in devising new terminology. A working group of Committee members was established to detail these matters and make recommendations.

Subcommittee Work**Computing Subcommittee**

Six meetings of the Subcommittee were held during the year to sanction an extra list of terms for FIONTAR and to deal with some questions arising from the editorial work being carried out on the new edition of the Computing Dictionary. Further questions were resolved through e-mail correspondence.

Lists of terms sanctioned for FIONTAR in recent years were added to the original dictionary, Téarmaí Ríomhaireachta, and the complete list was edited.

Literature and Criticism Subcommittee

Eight meetings were held during the year. Most of the terms on the checklist have been discussed and sanctioned. It was decided that a project be established to compare the corpus of literary criticism in Irish with our checklist in order to establish if there were significant omissions or discrepancies. Sponsorship was sought from and approved by St. Patrick's College, Drumcondra for the purchase of the relevant books and to meet the expenses of a team of postgraduate students who would carry out the work on a contract basis.

An Fochoiste Ainmneacha Dílse agus Logainmneacha Iasachta

Bunaíodh an Fochoiste seo chun déileáil le liosta logainmneacha coimhthíocha d'Atlas nua a bhí á réiteach ag an nGúm agus le liosta d'ainmneacha dílse agus logainmneacha coimhthíocha i gcomhair ciclipéide a bhí idir lámha ag Áisaonad Naomh Muire, Béal Feirste. Chuige sin, dhéan an Fochoiste, a bhailigh le chéile trí uair sa bhliain, athbheithniú agus athbheachtú ar na rialacha traslitríthe a bhaineann le hainmneacha den chineál seo. Faomhadh na téarmaí go léir don Atlas agus don chliclipéid agus cuireadh ar aghaidh iad.

An Fochoiste Seandálaíochta

Rinneadh obair eagarthóireachta ar liostaí breise de théarmaí seandálaíochta a bhí tiomsaithe ag Tracey Ní Mhaonaigh agus cuireadh faoi bhráid an Fhochoiste iad. Mhol na baill go raibh réimsí áirithe téarmaíochta fós le clúdach agus féachadh leis an ábhar seo a sholáthar. Fuarthas liosta substaintiúil ó Ard-Mhúsaem na hÉireann agus fuarthas roinnt leabhar tagartha breise. Leanadh den obair scagtha.

Tionscadail Eile

An Foclóir Seoltóireachta:

Bhí ábhar an fhoclóra seo tiomsaithe agus faofa ag an bhFochoiste Seoltóireachta le fada ach ní raibh aon duine ann chun é a chur in eagar. Rinne an Rúnaí socrú

le Colm Breathnach, iar-Rúnaí an Choiste a bhí ag feidhmiú ar an bhFochoiste Seoltóireachta, go ndéanfadh sé an obair eagarthóireachta ar conradh.

Lámhleabhar Miondíola (Foras na Gaeilge, 2001):

Rinne Rúnaí an Choiste na téarmaí a sheiceáil agus an profa a léamh agus d'fhaomh an Coiste Stiúrtha pé téarmaí nach raibh faofa cheana.

Foclóir an Gharda Síochána:

Seo tionscadal atá idir lámha ag na Gardaí le tamall agus chuir an Coiste comhairle orthu cheana agus d'fhaomh cuid mhaith téarmaí dóibh le roinnt blianta anuas. Tháinig os cionn míle téarma breise uathu le linn na bliana agus dhéileáil an Coiste leo de réir mar b'acmhainn dóibh é.

Proper Names and Foreign Placenames Subcommittee

This subcommittee was established in order to discuss a list of foreign place names for a new atlas being prepared by An Gúm and a list of proper names and foreign place names for an encyclopaedia being edited by Áisaonad Naomh Muire, Belfast. To this end, the relevant transliteration rules were revised by the Subcommittee which met 3 times during the year. All terms for the atlas and the encyclopaedia were sanctioned and circulated.

Archaeology Subcommittee

Further lists of archaeological terms compiled by Tracey Ní Mhaonaigh were edited and sent to the Subcommittee. The members advised that certain other areas of the subject should be included. For this purpose, a substantial list of terms was acquired from the National Museum and further reference books were bought. The editorial work was continued.

Other Projects

Dictionary of Sailing Terms

The material for this dictionary was compiled and sanctioned many years ago by the Sailing Subcommittee but no-one was free to edit it. The Secretary arranged that Colm Breathnach, former Secretary of the

Committee who worked on the Sailing Subcommittee, would carry out the editorial work on a contract basis.

Lámhleabhar Miondíola (Foras na Gaeilge, 2001):

The Secretary checked the terms and proofread the list and the Steering Committee sanctioned terms which were not already recorded on our lists.

Dictionary of An Garda Síochána

An Garda Síochána have been engaged in this project for some time and the Committee has given advice on terminological matters and has sanctioned substantial lists of terms over the past few years. Over 1,000 extra terms were submitted for sanction during the year and the Committee has endeavoured to deal with them as resources allow.

Tionscadail Leictreonacha

Foclóirí Téarmaíochta ar Dhlúthdhiosca

Cuireadh leagan trialach den dlúthdhiosca ar fáil dúinn ar a bhfuil seacht gcinn d'fhoclóirí téarmaíochta. Cuireadh moill ar an tionscadal, áfach, de bharr na hoibre eagarthóireachta a bhí le déanamh ar an bhFoclóir Ríomhaireachta agus ar Fhoclóir Fiontair, áit a bhfuil cuid den téarmaíocht chéanna. Braitheadh, áfach, gurb é an Foclóir Ríomhaireachta an ceann is mó a bhfuil an pobal ag fanacht air agus gurbh fhiú an bhreis ama agus acmhainní a chaitheamh leis.

Tionscadal an Idirlín

Mar a luadh thuas, rinneadh socrú go n-eiseofaí liosta téarmaíochta an Choiste ar an láithreán gréasáin acmhainn.ie agus rinneadh obair eagarthóireachta ar liostaí an Choiste Stiúrtha chuige sin.

An Gúm

Lean An Gúm ar aghaidh leis an gclár oibre a bhí leagtha amach don bhliain 2001 agus in éagmais plean straitéiseach Fhorais na Gaeilge a bheith faofa is ag plé leis an réimse céanna oibre is a bhí sa bhliain 2000 a bhí sé. Bhí na gnéithe riaracháin den socrú bainistíochta idir Foras na Gaeilge agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i bhfeidhm i gcónaí. Lean an Roinn de sholáthar na seirbhísí pearsanra, íocaíochta agus

teicneolaíochta d'fhoireann an Ghúim agus an Choiste Téarmaíochta mar a bhí. Bhí aontú breise ann go mbeadh an Roinn sásta an Gúm agus an Coiste a chur san áireamh san athnuachan a bhí ar bun ar chóras ríomhaireachta na Roinne mura mbeadh a leithéid ar bun go luath si bhForas na Gaeilge féin.

Toisc gan aon bhreis foirne a bheith fostaithe i rith na bliana beartaíodh ar dhíriú ar na réimsí oibre ba mhó éileamh maidir le foilseacháin de. Ba iad sin:

- Foilseacháin Réamhscoile agus Bhunscoile
- Foilseacháin Iar-bhunscoile - Leabhair Ghinearálta/Eolais do dhaoine óga
- Tionscadal an Fhoclóra Béarla-Gaeilge

D'fhág sé sin go raibh roinnt tionscadal a fágadh i leataobh anuraidh curtha siar bliain amháin eile cé gur éirigh linn ceann amháin acu sin a thabhairt chun críche, mar atá, an seoidleabhar Almanag Éireannach 2 le Diarmaid Breathnach.



Electronic Projects

Terminological Dictionaries on CD

We received a trial version of the CD during the year, comprised of seven terminological dictionaries. The project was delayed, however, because of the editorial work being carried out on the Computing Dictionary and, accordingly, on FIONTAR's Dictionary which contains some of the same terminology. It was felt, however, that as the Computing Dictionary is the one most sought after by the public, it was worth the extra investment of time and resources.

The Internet Project

As mentioned above, an arrangement was made to issue the Committee's terminology lists on the acmhainn.ie website and substantial editorial work was carried out.

An Gúm

Terminological Dictionaries on CD

An Gúm continued with its work plan for 2001 and in the absence of formal approval for the Strategic Plan for Foras na Gaeilge this work plan was confined to the areas previously undertaken by An Gúm. The administrative elements of the management agreement between Foras na Gaeilge and the Department of Education and Science still applied. The Department

continued to supply personnel, payment and technical services to the staff of An Gúm and An Coiste Téarmaíochta. It was further agreed that the Department would include An Gúm and An Coiste Téarmaíochta in their roll out of the installation of a new computer system for the Department in the absence of the development of an integrated system with Foras na Gaeilge itself.

Because no additional staff were recruited during the year it was decided to adhere to the same areas of work already undertaken and those most in demand from a publications viewpoint. These were:

- Pre-school and Primary Publications
- Post-primary school publications
- General and information publications for young people
- English-Irish Dictionary Project

This meant that a number of projects which were set aside last year were deferred for another year. We did, however, publish Diarmaid Breathnach's wonderful and informative Almanag Éireannach 2.

Foilseacháin Bhunscoile

Ag éirí as an bplé a rinneadh le hoiliúnóirí an Grúpa Tacaíochta an Churaclaim Bhunscoile agus le múinteoirí maidir le leabhair oiriúnacha Ghaeilge don churaclam nua leanadh den scéim foilsitheoireachta ar cuireadh tús léi sa bhliain 2000.

Foilsíodh ceann eile de na ‘Leabhair Mhóra’ a bhfuil an-éileamh orthu. Eagrán mór den leabhar *Mise agus Tusa*, a Bhéirín a bhí i gceist.

Bhí Ocras ar Oisín le Nicola Moffat: Seo an chéad leabhar i sraith de leabhair shimplí léitheoireachta i gcomhair páistí atá díreach tosaithe ar an nGaeilge a léamh. Is é aidhm na sraithe na páistí a mhealladh chun a gcuid scileanna léitheoireachta nua-fhoghlamtha a chleachtadh. Abairt shimplí amháin atá ar gach leathanach sa leabhar seo. Tá béim ar an athrá ann leis an stór focal teoranta agus le struchtúr na habairte a bhuanú in aigne na bpáistí. Is 24 leathanach lándaite atá ann.

Chomh maith leo sin foilsíodh sraith leabhar eile a bhí dírithe ar riachtanais na bunléitheoireachta. Leabhair lándaite phictiúrtha is ea iad sin a bhfuil téacs simplí i gceist leo agus béim iontu ar an athrá agus ar an véarsaíocht mar mhodh foghlamtha na léitheoireachta. Is iad na teidil a bhí i gceist anseo ná:

TIC! TAC!

Preab sa Dufáir

Cairde na Feirme

An Sícín Beag Buí

Tá mé i mo chodladh

Gearóidín Gabhar

Cogarnach ar an bhFeirm

Aithníodh go bhfuil gá le hábhar léitheoireachta a sholáthar do léitheoirí atá tosaithe ar an léitheoireacht aonair agus nach mbeadh leabhair phictiúrtha tradisiúnta oiriúnach dóibh ó thaobh ábhair ná leibhéal teanga de. Foilsíodh cúpla teideal i rith na bliana a bhí dírithe go speisialta orthu sin. Bhí na leabhair seo maisithe ach ní ar na léaráidí atá an phríomhbhéim sa leabhar. An Leaba Sciathánach le Háine Ní Ghlinn agus Turas go Meiriceá le Miriam Molony an dá leabhar a foilsíodh sa réimse sin.

Rinneadh cúram de ról na drámaíochta i sealbhú na teanga. Foilsíodh cnuasach beag de dhramaí simplí An Leon Ocrach agus Drámaí Beaga eile le hÉilís de Brún atá dírithe ar na bunranganna sa bhunscoil. Tá sé chomh furasta céanna iad a léiriú sa seomra ranga nó ar ardán. Cuireadh leabhar oibre eile a tsraith chomhshaoil Timpeall Ort i gcló i mbliana. Ar na naíonáin sinsir atá an leabhar sin dírithe. Máire Ní Chollata agus Fiona Ní Chuaigh na húdair.

Primary Publications

Arising from discussions with the tutors of the Primary Curriculum Support Group as well as with teachers regarding appropriate Irish books suitable for the new curriculum the series of publications begun in 2000 was continued.

Another in the popular range of ‘big books’ was published. This was the large edition of *Mise agus Tusa*, a Bhéirín.

Bhí Ocras ar Oisín by Nicola Moffat: This is the first in a series of simple reading books for children just starting to read Irish. The aim of the series is to encourage children to practise their newly acquired reading skills. Each page contains one simple sentence. Emphasis is on repetition of the limited vocabulary with a view to developing an understanding of the structure of sentences in the child's mind. The book is a 24 page full-colour production.

Another number of books aimed at fulfilling the basic reading requirements were also published. These were full-colour picture books containing simple text with emphasis on repetition and on rhyme as a method towards enhancing reading skills. These titles include the following:

TIC! TAC!

Preab sa Dufáir

Cairde na Feirme

An Sícín Beag Buí

Tá mé i mo chodladh

Gearóidín Gabhar

Cogarnach ar an bhFeirm

It was also recognised that there exists a need for suitable reading material for those who have just started to read independently and for whom the traditional picture book would not be suitable from the point of view of subject matter or reading level. A number of titles were produced during the year directed at this reading group. Though these books were illustrated the illustrations were secondary to the text. Published titles were *An Leaba Sciathánach* by Áine Ní Ghlinn and *Turas go Meiriceá* by Miriam Molony.

Recognition was also given to the role of drama in language acquisition. A collection of short simple plays was published aimed at the junior classes in primary school. This collection is entitled *An Leon Ocrach agus Drámaí Beag eile* and was written by Éilís de Brún. The plays can be produced with the minimum of effort on stage or within the classroom.

Atlas Bunscoile

Bhí sé seo ar cheann de na foilseacháin ba thábhachtaí a foilsíodh i rith na bliana. Aithníodh le fada go raibh géarghá l'atlas nua bunscoile. Tionscadal an-mhór a bhí i gceist a rinneadh i gcomhar le roinn cartagrafaíochta Oxford University Press. Tá an t-atlas curtha in oiriúint don churaclam athbhreithnithe. Tá léarscáileanna simplí d'Éirinn ann mar thúsphointe do staidéar na tíreolaíochta agus léarscáileanna níos mine de na cúigí ina dhiaidh sin. Tá leathanaigh eolais ann agus ábhar fótagrafach faoi na hilchríocha chomh maith le léarscáileanna fisiceacha agus polaitiúla. Tá 64 leathanach ann agus é lándaite le raidhse grianghraf chomh maith le hinnéacs cuimsitheach.

Póstaeir Bhalla

Foilsíodh sraith nua póstaer balla atá dírithe go hiomlán ar ranganna bunscoile. Réimse leathan ábhar atá iontu agus tá siad tarraingteach agus dathannach. Seo liosta iomlán na bpóstaer: Fan Slán; Dea-nósanna; Na Séasúir; Na Fiacla; An Cnámharlach; An Córas Díléá; An Eoraip (léarscáil); Triantáin; An Ciorcal; Uillinneacha; Polagáin; Codáin.

Foilseacháin Iar-bhunscoile

Leanadh de na tionscadail ar cuireadh tús leo anuraidh agus tugadh cuid acu chun críche i rith na bliana. Is iad na réimsí ábhar a rabhtas ag obair orthu i rith na bliana ná:

An Eolaíocht (TS); An Mhatamaitic (TS); An Tíreolaíocht (TS); An Stair (TS agus Idirbhliain); An Gnó (AT); An Bhitheolaíocht (AT)

Is iad seo a leanas na foilseacháin a cuireadh ar fáil i rith na bliana:



Éamonn Ó hArgáin, Michael O'Keefe, agus Scott Williams ag freastal ar an seimineár 'Éist' leis an IRTC (Independent Radio and Television Commission).

Éamonn Ó hArgáin, Michael O'Keefe and Scott Williams attending the IRTC (Independent Radio and Television Commission) seminar 'Éist'.

A further workbook in the environmental studies series *Timpeall Ort* was also published during the year. This book is aimed at Senior Infants. The authors are Máire Ní Chollata and Fiona Ní Chuaigh.

Atlas Bunscoile

This publication was one of the most significant completed during the year. It had been long recognised that a new primary school atlas was badly needed. This was a major project which was completed in conjunction with the cartographic department of the Oxford University Press. The atlas is designed with the revised curriculum in mind. It contains simple maps of Ireland as a starting point for the study of geography and contains more detailed maps of the provinces thereafter. There are pages packed with information and photographic material about the continents as well as political and physical maps. The atlas contains 64 pages, is in full-colour with an abundance of pictures and a comprehensive index at the back.

Wall Charts

A new series of wall charts aimed exclusively at primary schools was also published. These colourful, attractive posters cover a wide range of topics: Stay Safe; Good Habits; The Seasons; Teeth; The Skeleton; The Digestive System; Europe (map); Triangles; The Circle; Angles; Polygons; Fractions.

Post Primary Publications

Projects commenced in 2000 were continued in 2001 and some were completed during the year. The following is the range of subject areas being worked on during that period.

Science (JC); Mathematics (JC); Geography (JC); History (JC and Transition); Business (LC); Biology (LC)

The list of publications produced during the year is as follows:

Athchleachtaí Staire: (Leabhar cleachtaí ar chúrsa an Teastais Shóisearaigh)
 Bitheolaíocht Shinsearach 2 (Téacsleabhar Ard-Teistiméireachta)
 Téacs agus Trialacha 1: Eagrán Nua (Téacsleabhar don Teastas Sóisearach)
 An Gnó: Saol atá ag athrú (Téacsleabhar Ard-Teistiméireachta)
 Aonaid Eolaíochta (don Teastas Sóisearach)
 An tEolaí 3 eagrán (Nuachtlitir Eolaíochta)

Chomh maith leis sin, mar fhreagra ar éileamh ó na múinteoirí, foilsíodh leabhráin de na páipéir scrúdaithe seo a leanas:

Páipéir Scrúdaithe: 1994-2001
(Gnáthleibhéal agus Ardleibhéal)

An Teastas Sóisearach: Matamaitic; Stair; Tíreolaíocht; Staidéar Gnó; Míotalóireacht; Teicneolaíocht Ábhar; Adhmad; Eolaíocht; Eacnamaíocht Bhaile; Ealaín, Ceardaíocht agus Gréaschóiriú; Grafaic Theicniúil.
An Ardteistiméireacht: Matamaitic; Stair; Tíreolaíocht; Fisic; Ceimic; Bitheolaíocht; Gnó; Cuntasaíocht.

Foilseacháin Ghinearálta/Eolais do dhaoine óga

Cuireadh le cuid de na sraitheanna leabhar is mó éileamh i measc saothar do dhaoine óga chomh maith le foilseacháin úrnua do naónáin. Bhí idir bhunleabhair agus chomheagrán le foilsitheoirí eile i gceist.

I dteannta na leabhar sin thuas foilsíodh dhá leabhar eolais do pháistí óga a chlúdaíonn gnéithe den bhitheolaíocht bhunúsach agus den oideachas pearsanta – Mo Cholainn: ó Bhaithis go Bonn le Zita Newcome agus Meas tú Céard Tá Ann? le Claire Llewellyn agus Peter Bailey.

Foilsíodh chomh maith roinnt leabhar a bheadh úsáideach mar ábhar taca léitheoireachta sa bhaile nó ar scoil. Is iad na leabhair atá le háireamh anseo ná:

Tugann Bran cuairt ar an bhfeirm
Bran agus an Cháisc

Mise agus mo Mhamó
Mise agus mo Dhaideo

An Bláth Galánta
An Crann Beag

Poiblíocht

Bíonn gá i gcónaí le poiblíocht a fháil dár gcuid foilseacháin agus margaíocht ceart a dhéanamh orthu. In éagmais na n-acmhainní cuí chun tabhairt faoin ngné seo den obair i gceart rinneadh méid áirithe bunchéimeanna a thabhairt maidir leis an gcúram. Foilsíodh sraith nua catalóg mar seo a leanas agus cuireadh le chéile in aon fhilleán amháin eolais poiblíochta iad:

Athchleachtaí Staire: (History revision book for Junior Cert.)
Bitheolaíocht Shinsearach 2 (Leaving Cert. textbook)
Téacs agus Trialacha 1: Eagrán Nua (Junior Cert. textbook)
An Gnó: Saol atá ag athrú (Leaving Cert. textbook)
Science Units (for Junior Cert)
An tEolaí 3 eagrán (Science Newsletter)

As well as these publications collections of past examination papers were produced in response to demand from schools. These were in the following areas.

Examination Papers: 1994-2001
(Ordinary and Higher Level)

Junior Cert: Mathematics; History, Geography; Business Studies; Metalwork; Materials Technology; Wood; Science; Home Economics; Art, Craft and Design; Technical Graphics.
Leaving Cert: Mathematics; History; Geography; Physics; Chemistry; Biology; Business; Accountancy.

General and Information books for young people

New titles in some of the most popular series for young people were produced as well as some new publications for very young children. These publications included original material and co-editions with other publishers.

As well as the above books two information books for young children were published which cover basic elements of primary schools biology and personal education. These are Mo Cholainn: ó Bhaithis go Bonn by Zita Newcome and Meas tú Céard Tá Ann? by Claire Llewellyn and Peter Bailey.

A number of books suitable as support reading material both at home or in school were also published as follows:

Tugann Bran cuairt ar an bhfeirm
Bran agus an Cháisc

Mise agus mo Mhamó
Mise agus mo Dhaideo

An Bláth Galánta
An Crann Beag

Publicity

There is an ongoing need to gain publicity for our publications and to market them properly. In the absence of adequate resources in this area a number of basic steps in the general area of marketing were taken. A new series of catalogues was produced and these were placed together with other promotional material in an attractive publicity pack.

Catalóg Ábhar do Dhaoine Óga
Catalóg na dTéacsleabhar
Catalóg na bhfoclóirí
An Chatalóg Cheoil

Scaipeadh iad sin ar na scoileanna lán-Ghaeilge agus ar scoileanna na Gaeltachta uile chomh maith leis na leabharlanna agus ar na meáin chumarsáide.

Sheol an scríbhneoir agus an colúnaí Liam Ó Muirthile foilseacháin uile an Ghúim ag ócáid i mí na Samhna 2001 agus gnóthaíodh roinnt poiblíochta náisiúnta dá bharr.

D'fhreastail foireann an Ghúim ar roinnt taispeántas agus ócáidí poiblíochta i rith na bliana agus bhí seastán suaithinseach ag an nGúm i rith an Taispeántais Oideachais a bhí ar siúl san RDS i mí Aibreáin.

Athchló

Chomh maith leis na foilseacháin nua uile thuas, cuireadh athchló ar na leabhair seo a leanas i 2001:

An Foclóir Póca
Cora Cainte as Tír Chonail
An Triail
Fianaise na Staire 1
Téacs agus Trialacha 2
Téacs agus Trialacha 3
Cora Cinniúna 1
Mamó Cois Trá
Páid agus an Scoil
Éalú san Oíche
Seanchas na Féinne
Gafa le Mata 1 (trialacha measúnachta)
Gafa le Mata 2 (trialacha measúnachta)
Gafa le Mata 4 (trialacha measúnachta)
Gafa le Mata 2 (Téacsleabhar)
Gafa le Mata 4 (Téacsleabhar)
Féach Thart 1
Féach Thart 2
Matamaitic Phraiticiúil



Catalogue of Publications for young people
Catalogue of Textbooks
Catalogue of Dictionaries
Music Catalogue

These packs were distributed to all Irish-medium schools and to schools in the Gaeltacht as well as to the libraries and the media.

The well-known writer and columnist Liam Ó Muirthile launched the year's publications from An Gúm at an event in November 2001 and a good degree of publicity was generated as a result.

Staff from An Gúm attended a number of exhibitions and publicity events during the year. An Gúm had an attractive stand at the Education Show held in the RDS in April.

Reprints

As well as the new publications produced during the year, the following works were reprinted in 2001.

An Foclóir Póca
Cora Cainte as Tír Chonail
An Triail
Fianaise na Staire 1
Téacs agus Trialacha 2
Téacs agus Trialacha 3
Cora Cinniúna 1
Mamó Cois Trá
Páid agus an Scoil
Éalú san Oíche
Seanchas na Féinne
Gafa le Mata 1 (assessment tests)
Gafa le Mata 2 (assessment tests)
Gafa le Mata 4 (assessment tests)
Gafa le Mata 2 (textbook)
Gafa le Mata 4 (textbook)
Féach Thart 1
Féach Thart 2
Matamaitic Phraiticiúil

An Fhoclóireacht

Tionscadal an Fhoclóir Béarla-Gaeilge

Chuir an Grúpa Oibre ar sholáthar foclóra nua Béarla-Gaeilge tuairisc ar fáil sa bhliain 2000. Ag eascairt as sin, chuathas chun cainte le comhairleoirí gairmiúla foclóireachta maidir le conas céimeanna tosaigh thionscadal an Fhoclóra Béarla-Gaeilge a chur sa siúl. Ag éirí as an bpróiseas seo fuarthas tuairisc scríofa chomhairleach maidir le planáil an tionscadail sa chéad bhliain ón ngrúpa Lexicography Master Class atá lonnaithe in Brighton.

Cheadaigh Bord Foras na Gaeilge agus An Chomhairle Aireachta Thuaidh / Theas an tionscadal seo i 2001 agus beartaíodh na céimeanna seo a leanas a thabhairt:

1. Iarratais a lorg ó dhaoine a chuirfeadh creatlach theicniúil agus stíle an fhoclóra le chéile, maidir le corpas, leagan amach, dearadh, modheolaíocht, córas ríomhaireachta, treoir stíle etc.
2. Dul ar aghaidh le bunú Aonad Foclóireachta/Pleanála Corpais Fhoras na Gaeilge.

3. Cead a thabhairt comhairleoirí a cheapadh ar conradh chun monatóireacht ghairmiúil agus moltaí a dhéanamh ar chéimeanna éagsúla an tionscadail.
4. Bunchúrsa oiliúna san fhoclóireacht nua-aimseartha a réachtáil i gcomhar le hinstiúidí / saineolaithe eile d'fhonn oiliúint a chur ar ábhar foclóirithe.
5. Suimeanna airgid a cheadú i bprionsabal don bhliain 2002 faoi réir moltaí sonracha a chur faoi bhráid Bhord Fhoras na Gaeilge ar ball.

Duais Chumann Léitheoireachta na hÉireann

Bhronn Cumann Léitheoireachta na hÉireann duais ar leith d'fhoilsitheoirí ar an nGúm i mbliana. Aitheantas a bhí sa duais d'ardchaighdeán agus d'fheabhas na leabhar do pháistí a fhoilsíonn an Gúm. Bronnadh an duais ar an Eagarthóir Sinsearach ar ócáid i mBaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair, 2001.

Lexicography

English-Irish Dictionary Project

